



**Scéilín scríte ag leanaí Uíbh Ráthaigh**

# Scaip an Scéal

Is comhthogra é seo idir Fighting Words na Gaeltachta agus Brí Uíbh Ráthaigh – Plean Teanga Chiarraí Theas.

Seo scéilín le sé chaibidil, scríte ag leanaí atá ag freastal ar bhunscoileanna an cheantair:

Scoil Náisiúnta Chillín Liath, Maistir Gaoithe, Cill Airne, Co. Chiarraí

Scoil Mhichíl Naofa, Dún Géagáin, Baile an Sceilg, Co. Chiarraí

Scoil an Ghleanna Scoil Náisiúnta Phobail, Athghort, An Gleann, Baile an Sceilg, Co. Chiarraí

Chruthaigh Fighting Words an togra 'Story Seeds' in 2021 le freastal ar pháistí i scoileanna i lár chathair Bhaile Átha Cliath. An sprioc a bhí ann ná deis a thabhairt do pháistí scéalta nua a chruthú a bhí lonnaithe sna ceantair ina raibh siad féin ina gcónaí iontu. Bheartaigh Fighting Words Chonamara leagan Gaeilge a dhéanamh – Scaip an Scéal. Tá muid ríméadach go bhfuil dhá leabhar foilsithe i gConamara, ceann i nGaoth Dobhair agus tá muid ar mhuin na muice ar fad go bhfuil Fighting Words tagtha chomh fada le hUíbh Ráthach!

I bpáirt le Brí Uíbh Ráthaigh, d'éirigh linn sé cheardlann scéalaíochta a reáchtáil – trí cinn sna scoileanna agus trí cinn ar *Zoom*. Scríobh gach grúpa dhá chaibidil den scéal. Bhí sé go hiontach agus go hálainn a bheith i gcomhluadar na scríbhneoirí óga seo a roinn a gcuid samhlaíochta go fial ag gach ceardlann.

Tá muid fíorbhuíoch de Shiobhán Ní Chatháin a rinne jab den scoth ar an obair ealaíne don togra seo.

Tá muid buíoch freisin de Victor Bayda ó Bhrí Uíbh Ráthaigh. Ní fhéadfaí an togra seo a dhéanamh murach é.

Tá súil agam go mbainfidh sibh sult as an scéal breá seo. Comhghairdeas ó chroí leis na scéalaithe óga ar fad!

Bríd-Treasa Ní Ghaoithín

Comhordaitheoir na gClár Gaeilge

Fighting Words

Samhradh 2023

# **Fighting Words**

'Siad Roddy Doyle agus Seán Love a chur tús leis an eagraíocht Fighting Words i mBaile Átha Cliath in 2009. Tá sé de sprioc ag Fighting Words cúnamh a thabhairt do dhaoine a gcuid scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt agus grá a chothú don fhocal scríofa. Le tuilleadh eolais a fháil faoin obair a bhíonn ar bun againn nó má tá suim agat obair dheonach a dhéanamh linn, téigh chuig

www.fightingwords.ie.

Tá buíochas speisialta ag dul do na daoine seo a leanas a chabhraigh leis an togra seo:

Príomhoidí, múinteoirí, rúnaithe agus cúntóirí scoileanna cheantair Uíbh Ráthaigh

Na páistí ar fad a ghlac páirt sna ceardlanna

Siobhán Ní Chatháin

Victor Bayda

Is léiriú é an leabhar seo ar chruthaitheacht ár leanaí – an chéad ghlúin eile a choimeádaigh tine na samlaíochta ag imeacht in Uíbh Ráthach.

Táimid fíorbhuíoch de Bhríd-Treasa Ní Ghaoithín agus Fighting Words as an gcruthaitheacht sin a scaoileadh, de Shiobhán Ní Chatháin as léiriú grafach a thabhairt uirthi agus d ár scoileanna Gaeltachta as cabhrú lenár leanaí greim a choimeád ar an téad a nascann iad le samhlaíocht na milliún a chruthaigh rompu.

Victor Bayda
Oifigeach Pleanála Teanga
Brí Uíbh Ráthaigh

# An Comórtas Mór

**Caibidil 1:**

**Timmy an Feirmeoir Bocht**

Scríofa ag Rang 4 & 6, Scoil Náisiúnta Chillín Liath

**Caibidil 2:**

**Rith, Rocco, Rith!**

Scríofa ag Rang 4,5 & 6, Scoil Mhíchíl Naofa

**Caibidil 3:**

**An Plean**

Scríofa ag Rang 2,3,5 agus 6, Scoil an Ghleanna Scoil Náisiúnta Phobail

**Caibidil 4:**

**Dougie Bocht!**

Scríofa ag Rang 4 & 6, Scoil Náisiúnta Chillín Liath

**Caibidil 5:**


**Díoltas**

Scríofa ag Rang 4,5 & 6, Scoil Mhíchíl Naofa

**Caibidil 6:**

**Slán le Jeff**

Scríofa ag Rang 2,3,5 agus 6, Scoil an Ghleanna Scoil Náisiúnta Phobail


FARMERS
JOURNAL

# Caibidil 1

# Timmy an Feirmeoir Bocht

Lá amháin, bhí Timmy ina theach ag ithe a bhricfeasta. Bhí sé ina shuí ar an tolg ag ithe *Coco Pops* ag féachaint ar an *Farmer's Journal*. Bhí a chuid stocaí salach agus bhí boladh uafásach uathu. Teach beag buí a bhí aige i Maistir Gaoithe in aice le habhainn na hÍne. Ní raibh a lán airgid aige. D'fhás sé prátaí ina ghairdín. Bhí cúig bhó aige. Thug sé bia dá mhadra Rocco gach lá.

Chuaigh Timmy amach chun prátaí a phiocadh ón ngairdín. Ní raibh a lán prátaí aige chun phiocadh mar rith na ba thar an ngairdín agus loit siad é.

Bhí sé ag dul isteach sa teach agus chonaic sé jíp dearg le leantóir lán le trí bhó dhéag ag páirceáil ar an mbóthar. Ansin, tháinig Pádraig, cara Timmy, amach as an jíp agus d'oscail sé an geata. Rith Rocco go tapa amach an geata agus síos an bóthar agus é ag tafann.

## Caibidil 2

## Rith, Rocco, Rith!

Bhéic Timmy ar Rocco.

“Stop! Tar thar n-ais!” a scread sé go hard.

Níor éist Rocco leis. Rith Rocco síos an bóthar ar nós na gaoithe go dtí Baile an Sceilg. Ansin, stop sé ag rith agus chuaigh sé isteach Tigh Rosie agus d’ól sé pionta mór fuisce.

Nuair a tháinig sé amach, thit sé ar a cheann agus thosaigh sé ag cur fola. Ansin, bhí an dá thaobh den bhóthar aige síos chomh fada le Trá Bhaile an Sceilg. Chonaic sé páirceanna le halpacaí iontu. Bhí siad ag tabhairt aire do na caoirigh.  Rug Rocco greim ar scornach alpaca agus thosaigh an alpaca ag béicíl.

Tháinig an feirmeoir agus chuir sé glaoch ar na Gardaí ach bhí Rocco i gCaisleán Mhic Cárthaigh i bhfolach.

Tháinig na Gardaí i héileacaptar.

Chonaic siad Rocco ar bharr an chaisleáin. Chuir siad síos an dréimire agus bhí na Gardaí chun é a ghabháil ach léim sé anuas.

Bhí díoltas ar a intinn ag Jeff an alpaca agus chabhraigh sé leis na Gardaí Rocco a ghabháil. Rug Jeff ar Rocco agus thug sé go dtí na Gardaí é.

"Filleann an feall ar an bhfeallaire!" a dúirt Jeff.

Thar n-ais i Maistir Gaoithe, bhí ana-imní ar Timmy faoi Rocco agus chuaigh sé go dtí stáisiún na nGardaí le hinsint dóibh faoina mhadra bocht.

"Tá mo mhadra bocht Rocco tar éis dul ar strae. Is madra caorach dubh agus bán é le súile gorma agus tá sé an-mhaith ag déanamh a jab. Tá coiléar glas air. D'imigh sé ar maidin agus tá mo chroí i mo bhéal le himní ó shin."

"Tá madra den saghas sin againn sa chillín agus bhí sé ana-dhána!" a dúirt an Garda.



“Ar mhaith leat é a fheiscint?”

“Ba mhaith!” arsa Timmy. Bhí sé ana-neirbhíseach agus bhí a ghlór ar crith.

Chonaic Timmy Rocco agus bhí sé ana-shásta. Bhí gliondar croí air!

“Rocco!” a bhéic Timmy.

“Dúirt an Garda go raibh tú ana-dhána. An bhfuil tú ar an bhfuisce arís?”

“Bhuf!” a dúirt Rocco go maolchluasach agus náire air.

Bhí ar Timmy fíneáil mhór a íoc agus bhí a fhios aige nach mbeadh sé in ann na ba a cheannach.

Chuir sé glaoch ar Phádraig agus d’inis sé dó nach mbeadh sé in ann na ba a cheannach. Bhí Pádraig feargach ach bhí plean aige.

# Caibidil 3

## An Plean

Chuala Pádraig faoi shiamsaíocht peataí a bhí ar siúl in Athghort sa Ghleann. Bhí seó ar siúl agus an duais a bhí ann don pheata is fearr agus is múinte ná €6000!!!!! D'inis Pádraig do Timmy faoin seó agus cheap Timmy go raibh sé thar barr!

An oíche sin ag a hocht a chlog, bhí sé ar intinn ag Timmy agus Rocco dul go dtí Páirc Spraoi Bhá Fhíonáin chun Rocco a thraenáil don seó, ach bhí Rocco ina chodladh. Bhí Rocco ag brionglóidí faoi níos mó fuisce a ól agus dhúisigh sé go tobann mar bhí tromluí aige faoin gcomórtas. Níor bhuaigh sé agus bhí gach duine ag gáire faoi.

Rith Rocco go Timmy agus é ag geonáil. Bhí cat Phádraig, Mouse, ar an bhfuinneog ag gáire faoi Rocco.

Dúirt Timmy le Rocco, "Ná bac leis an gcat sin," agus thóg Timmy Rocco ina lámha agus chuir sé sa charr é. Chuaigh siad go dtí an Pháirc Spraoi agus bhí madra eile ann, Dougie, cara Rocco. Madra beag donn ispíneach é Dougie.

Ní raibh Rocco ag iarraidh an comórtas a dhéanamh ní ba mhó tar éis an tromluí a bheith aige.

“Tá eagla orm faoin seó,” a dúirt Rocco le Dougie.

“Caithfidh tú é a dhéanamh mar tá tú ana-mhaith agus tá Timmy ag brath ort. Cabhróidh mé leat an traenáil a dhéanamh,” arsa Dougie.


SEÓ
PEATAÍ
Cén áit?
Athghort sa Ghleann
Cén uair?
Maidin Dé Sathairn
Duais €6000
An Peata is Fearr

## Caibidil 4

## Dougie Bocht!

Bhí plean ag Rocco freisin. Chuir Rocco péint dhubh agus bán ar Dougie ionas go mbeadh sé cosúil leis féin. Ansin, bheadh Dougie in ann an comórtas a dhéanamh in áit Rocco. Ní raibh Dougie sásta leis an bplean seo.

“Níl sin go deas, a Rocco!” arsa Dougie.

Ansin, bhí Dougie ana-chrosta agus rith sé trasna an bhóthair agus bhuail cairt é.

Dúirt Rocco le Dougie, “Cabhróidh mé leat ach caithfidh tusa an comórtas a dhéanamh dom.”

D’aontaigh Dougie leis ach bhí sé fós ana-chrosta.

Chuaigh Rocco agus Timmy thar n-ais go dtí an Inny Tavern le buidéal *Lucozade* a fháil, ansin chuaigh siad abhaile.

D’inis Rocco an plean do Timmy agus bhí Timmy ana-chrosta. Ansin réitigh Timmy an dinnéar agus d’ith Rocco gach cuid de.

Chuaigh Dougie go dtí an tréadlia i gCathair Saidhbhín mar go raibh a chosa briste.

“Déan dearmad ar an seó,” a dúirt an tréadlia le Dougie.

Tháinig Pádraig thar n-ais chuig an teach leis na ba mar bhí plean aige Dougie a dhíol chun airgead a fháil. Ní raibh Rocco ag iarraidh go gceannódh Timmy na ba mar bhí sé in éad leo. Ní bheadh am ag Timmy dó ní ba mhó. Ní raibh a fhios ag Pádraig go raibh Dougie gortaithe.

Dúirt Rocco le Pádraig, “Tá Dougie gortaithe.”

Dhíol Pádraig Dougie le duine i mBaile an Sceilg darbh ainm Joe.

Chuir Joe bindealáin ar Dougie mar d’inis Dougie dó faoin seó. Bhí na bindealáin air ar feadh sé seachtaine. Ansin, bhí Dougie níos fearr ach bhí sé fós crosta le Rocco. Bhí an phéint dhubh agus bán air fós.

Bhí an seó le bheith ar siúl ar an Satharn agus bhí Dougie chun páirt a ghlacadh in áit Rocco.

## Caibidil 5

## Díoltas

Nuair a bhí Dougie i dtigh Joe, thosaigh siad ag caint.

“Cad a tharla dod' chos?” arsa Joe.

“Bhuail cairt mé nuair a bhí mé ag dul trasna an bhóthair. Bhí an madra sin Rocco ag cur isteach orm,” a d’fhreagair Dougie.

“Tá aithne agam ar alpaca a d’fhéadfadh cabhrú leat díoltas a bhaint amach ar Rocco. Jeff is ainm dó,” arsa Joe.

Chuaigh Joe chun Jeff a fháil as an bpáirc in aice le trá Bhaile an Sceilg.

Nuair a tháinig sé thar n-ais, thosaigh Dougie ag caint le Jeff. Dúirt Jeff, “Rug Rocco greim ar mo mhuineál agus ba bheag nár mharaigh sé mé!” Bhí Jeff ar buile agus é ag smaoineamh ar Rocco. Dúirt Dougie, “Chuir Rocco péint dhubh agus bán orm chun go mbeinn cosúil leis don seó.”

“Caithfimid stop a chur le Rocco!” a dúirt Jeff go feargach.

“Tá plean agam. Ar an Aoine, an lá roimh an seó, baileoimid le chéile thiar i gCill Rialaigh ar a seacht a chlog istoíche. Gléasfaidh mise suas mar mholtóir. Gheobhaidh mé croiméal, hata mór groí agus *dickie-bow* dearg, seaicéad *Gucci*, *Rolex* agus dhá phéire bróg – *Air Jordans* agus slabhra óir. Gheobhaidh mé spéaclaí gréine *Ray-Ban* freisin. Gheobhaidh mé beagáinín nimh francaigh agus tabharfaidh mé píosa beag de do Rocco i ngloine fuisce ar maidin roimh an seó.”

Bhí Dougie sásta. “Ambaist! Tá an plean sin go diail! Beidh craic agus scléip againn!”

An mhaidin dar gcionn, bhí Jeff gnóthach ag cur air na héadaí agus á shocrú féin don seó. Bhí Dougie ag fáil an nimh francaigh i bhFormaoil. Bhí gach rud réidh don phlean agus bhí cuma iontach ar Jeff. Bhí sé chun díoltas a bhaint amach.



Chuadar isteach go luath go dtí an seó. Tháinig na moltóirí eile isteach beagán déanach agus bhí Jeff suite i lár baill istigh agus bhí ar an moltóir déanach imeacht.

Nuair a tháinig Timmy agus Rocco go dtí an seó, chuaigh Dougie suas chuig Rocco agus dúirt sé, "Dia dhuit, a chara, conas tánn tú? Ar mhaith leat braoinín fuisce?"

"Ó, ba bhreá liom!" arsa Rocco go sásta.

D'ól Rocco deoch. "Ó! Bhí sé sin go hiontach ar fad! An bhfuil níos mó de agat?!"

"Tá!" agus thug Dougie taoscán eile dó…

# Caibidil 6

## Slán le Jeff!

Chuir Dougie an nimh francaigh isteach san fhuisce, ach mhothaigh sé ciontach agus mhalartaigh sé na buidéil. Chuimhnigh sé ar an uair a raibh sé féin agus Rocco cairdiúil; nuair a bhí sé ina choileán gan aon chara, bhí Rocco mar chara aige, nuair a bhíodh siad ag súgradh le liathróid, nuair a roinneadh siad bia lena chéile. Ní raibh Dougie ag iarraidh Rocco a mharú!

Chonaic Jeff an rud a bhí ag tarlúint agus léim sé ar Dougie. Bhí sé ar buile! Nuair a chonaic Rocco Jeff ag léimt ar Dougie, rug sé greim ar scornach Jeff agus bhain sé plaic as ARÍS!

Lig Jeff béic as, "Aaaaaarrrrggghhh!!!! Mo mhuineál!!!"

Chonaic Timmy gach rud a bhí ar siúl. Rith sé chun cabhair a thabhairt do Rocco agus Dougie.



Dúirt Timmy leis na moltóirí, “Bhí Jeff an Alpaca ana-dhána.” Chuir sé glaoch ar na Gardaí agus tháinig siad chun Jeff a thógáil go dtí stáisiún na nGardaí i gCathair Saidhbhín. Chuir siad Jeff go dtí Teampall na Ninjas ach dúirt sé, “Beidh mé thar n-ais!”

Ní raibh Pádraig sásta mar ba léir nach raibh Rocco chun an comórtas a bhuachaint agus ní bheadh aon airgead ag Timmy chun na ba a cheannach anois.

Nuair a bhí Timmy ar an bhfón leis na Gardaí, bhí an seó ar siúl. Gan a fhios ag éinne, bhí plean ag Mouse, cat Phádraig, an t-am ar fad. Nuair a bhí sé ag féachaint ar Rocco ag traenáil, shocraigh sé go nglacfadh sé féin páirt sa chomórtas. Bhuaigh Mouse an seó! Anois bhí €6000 buaite aige!

Bhí Pádraig sásta an €6000 a bhuachaint. Ní raibh gá dó na ba a dhíol a thuilleadh. Bhí a dhóthain airgid aige anois.

Bhí Timmy agus Rocco sásta mar bhí siad ábalta dul thar n-ais abhaile go dtí an fheirm arís.

D’fhan Rocco agus Dougie ina gcairde go deo agus chuaigh gach duine go *Driftwood* an

oíche sin. Bhí cóisir mhór acu ag ceiliúradh an bhua mhóir a bhí ag Mouse, an cat, sa seó. Níor ól Rocco aon fhuisce in aon chor. Bhí Rocco agus Dougie ag ithe cáca madra. Thug Timmy Rocco agus Dougie abhaile leis go Maistir Gaoithe agus bhí saol breá acu as sin amach.



# AN DEIREADH

**Scoil Náisiúnta Chillín Liath,**

**Maistir Gaoithe, Cill Airne, Co. Chiarraí**

**Rang 4** Jimmy Ó Briain

Adam Ó Conchúir

DJ Ashworth

Zoe Nic Gearailt

Calynn Ní Néill

Cara Ní Ghrifín

Laura Ní Lionacháin

Samantha Ní Shúilleabháin

**Rang 6** Nathan Ó Laoire

Daithí Ó Sé

Rowhan Geary Ó Súilleabháin

Mike Ó Súilleabháin

MaryKate Ní Shúilleabháin

Ciara Ní Chonchúir

Siún Ní Churráin

Gearóid Ó Dálaigh

Jack O’Shea

Rian Holden Carney

Múinteoir: Aoibhe Ní Chonchúir

Cúntóir: Áine Brouder

## Scoil Mhichíl Naofa,

## Dún Géagáin, Baile an Sceilg, Co. Chiarraí

| | |
|---|---|
| **Rang 4** | Kayla Breathnach |
| | Lia Nic Gabhann |
| | Séamus Ó Siochrú |
| | Aodán Ó Drisceoil |
| | Seán Ó Súilleabháin |
| | Dylan Ó Drisceoil |
| | Shane Ó Conchúir |
| **Rang 5** | Ellen Ní Shúilleabháin |
| | Max Ó Murchú |
| | Rónan Ó Conchúir |
| | Sé Mac Giolla Chatáin, |
| | Aodán Ó Fógartaigh |
| | Danial Khan |
| | Oleksii Chubar |
| **Rang 6** | Siún Ní Shiochrú |
| | Noah Ó Conaill |
| | Faolán Ó Móráin |
| | Séamus Mac an tSionnaigh |

Múinteoirí: Laoise Nic Aogáin &
Antaine Ó Múineacháin

## Scoil an Ghleanna Scoil Náisiúnta Phobail, Athghort, An Gleann, Baile an Sceilg, Co. Chiarraí

| | |
|---|---|
| **Rang 2** | Éadaoin McGillicuddy |
| | Cassio Silva |
| | Jacob Ó Meachair |
| | Niklas Remagen |
| | Sonny Dee |
| **Rang 3** | Féilim Ó Súilleabháin |
| | Emma Ní Chéilleachair |
| | Varvara Chernyshova |
| | Nikita Bielikov |
| | Emma Remagen |
| | Sofia Chernyshova |
| **Rang 5** | Colm Mac Gabhann |
| | Joshua Ó Meachair |
| **Rang 6** | Kacey Dee |

Múinteoir: Cilian Ó Loingsigh

FIGHTING WORDS GAELTACHT

BRÍ Uíbh Ráthaigh

COMHCHOISTE GHAELTACHT UÍBH RÁTHAIGH

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

S20 PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2018-2022
Ár dTeanga, Ár bPobal

the arts council an chomhairle ealaíon

cistiú litríocht

Crannchur Náisiúnta

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*